



An Bhruiséil, 4 Márta 2022
(OR. en)

6468/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2012/0299(COD)**

**SOC 97
GENDER 13
ECOFIN 159
DRS 10
CODEC 196**

NÓTA

ó:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)
chuig:	An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	6340/22
Uimh. an doic. ón gCoim.:	16433/12 - COM(2012) 614 final
Ábhar:	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne i measc stiúrthóirí cuideachtaí a liostaítear ar stocmhalartáin, agus bearta gaolmhara - <i>Cur chuige ginearálta</i>

I. RÉAMHRÁ

An 14 Samhain 2012, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne i measc stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin cuideachtaí a liostaítear ar stocmhalartáin, agus bearta gaolmhara. Agus é is aidhm di aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb thromchúiseach mná a bheith faoi ghannionadaíocht sa chinnteoireacht eacnamaíoch ar an leibhéal is airde, shocrófaí cuspóir cainníochtúil 40 % sa treoir atá beartaithe, i gcomhair chomhréir na hinscne faoi ghannionadaíocht ar bhoird chuideachtaí atá liostaithe, faoi 2020¹ (faoi 2018 i gcás gnóthas poiblí).

¹ Rinneadh na spriocdhátaí a choigeartú le linn na caibidlíochta, mar gheall ar an am atá caite ó cuireadh an togra síos (féach 'Féilire' thíos).

Bheadh sé d'oibleagáid ar chuideachtaí an cuspóir sin a shaothrú trí rialacha nós imeachta a thabhairt isteach maidir le comhaltaí neamhfheidhmiúcháin ar bhoird a roghnú agus a cheapadh, idir nithe eile.

Cuideachtaí nár éirigh leo an sprioc 40 % a bhaint amach, chuirfí de cheangal orthu leanúint de na rialacha nós imeachta a chur i bhfeidhm, agus a mhíniú chomh maith cad iad na bearta a rinne siad agus a raibh beartaithe acu a dhéanamh chun é a bhaint amach. Sna Ballstáit sin a roghnóidh an cuspóir a chur i bhfeidhm maidir le stiúrthóirí feidhmiúcháin agus neamhfheidhmiúcháin *araon*, bheadh feidhm ag sprioc níos lú (33 %).

Chuir parlaimintí náisiúnta DK, NL, PL, SE agus seomra amháin den dá sheomra de Pharlaimint CZ (Teach na dTeachtaí) tuairimí réasúnaithe isteach laistigh d'ocht seachtaine ón dáta ar tíolacadh an togra ón gCoimisiún, inar líomhnaíodh nár chomhlíon sé prionsabal na coimhdeachta.²

Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 13 Feabhra 2013³.

Ghlac Coiste na Réigiún tuairim an 30 Bealtaine 2013.⁴

Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 20 Samhain 2013.⁵

II STAID NA hIMEARTHA

Scrúdaigh an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta, Coiste na mBuanionadaithe agus an Chomhairle an togra roinnt uaireanta idir 2013 agus 2017.⁶

Scrúdaíodh measúnú tionchair an Choimisiúin freisin ag tús an phlé.⁷

² Ní raibh gá le hathbhreithniú ar an togra thar ceann an Choimisiúin, toisc nár baineadh amach an tairseach aon trian arna leagan síos i bPrótacal 2 CAE, Airteagal 7.

³ IO C 133, 9.5.2013, lch. 68.

⁴ ECOS-V-039.

⁵ P7_TA(2013)0488 Is í Rodi Kratsa-Tsagaropoulou (EPP/EL) a bhí mar Rapóirtéir don Choiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne, agus Evelyn Regner (S&D/AT) a bhí mar Rapóirtéir don Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla.

⁶ Féach 10422/1/13 REV 1, 16437/13 + COR 1, 9864/1/14 REV 1, 16300/14, 9020/1/15 REV 1, 14343/15 agus 9496/17.

⁷ Féach 5792/1/13 REV 1, 6569/1/13 REV 1 agus 8002/13.

Cuireadh an tuarascáil is déanaí ar dhul chun cinn faoi bhráid Chomhairle EPSCO i mí an Mheithimh 2017.⁸ In éagmais tromlach cáilithe i bhfabhar an togra, níor cuireadh an comhad ar chlár oibre na Comhairle ó shin.

Thug an Uachtaránacht dá haire go bhfuil an dul chun cinn mall agus míchothrom ar fud an Aontais, mar a léirítear go soiléir sna figiúirí is déanaí, cé go bhfuil tacaíocht fhorleathan san Eoraip maidir leis an ngá le cothromaíocht inscne sa chinnteoireacht a fheabhsú, go háirithe sa réimse eacnamaíoch agus ar an leibhéal is airde. I mí Dheireadh Fómhair 2021, níor mhná ach 30.6 % de chomhaltaí boird sna cuideachtaí is mó atá liostaithe go poiblí, agus níor mhná ach 8.5 % de na cathaoirligh bhoird san Aontas ina iomláine⁹.

Ar an taobh eile, d'aithin an Uachtaránacht freisin, cé go bhfuil cás láidir ann le haghaidh bearta reachtacha sa réimse sin, gur den tábhacht freisin cásanna agus túsphointí éagsúla na mBallstát, chomh maith le prionsabal na coimhdeachta a urramú. Dá bhrí sin, is é tuairim na hUachtaránachta go mbaintear an chothromaíocht cheart amach leis an gcur chuige bunúsach a mholtar sa dréacht-Treoir ón tús, eadhon, *cuspoirí cainníochtúla seachas cuótaí ceangailteacha*. Meabhraíodh do na toscaireachtaí, ina theannta sin, go gceadófaí do na Ballstáit, leis an *gclásal solúbthachta* a tugadh isteach sa téacs le linn an phlé a bhí ann roimhe seo (féach Airteagal 4b), aidhmeanna na Treorach a shaothrú trí bhíthin a rogha féin agus ceanglais nós imeachta na Treorach a chur ar fionraí, ar choinníoll go ndearna siad bearta cheana a bhí chomh éifeachtach céanna nó go ndearna siad dul chun cinn atá ag breith ar na cuspoirí cainníochtúla atá leagtha síos sa Treoir a bhaint amach. Sainítear in Airteagal 4b(1) trí chás fhéideartha a measfaí, de réir an dlí, go ráthófaí 'éifeachtacht chomhionann' leo. Thairis sin, de bhun na gcoinníollacha a shonraítear in Airteagal 4b(2), féadfaidh na Ballstáit leanúint de cheanglais nós imeachta na Treorach a chur ar fionraí.

⁸ 9496/17.

⁹ Táscaire: Na cuideachtaí liostaithe is mó: uachtaráin, comhaltaí boird agus ionadaithe thar ceann na bhfostaithe | Bunachar Sonraí Staitisticí Inscne | an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (europa.eu)

Agus í ag iarraidh an plé a chur chun cinn, d’ullmhaigh an Uachtaránacht pacáiste comhréitigh nua,¹⁰ a scrúdaigh comhaltaí na Meithle um Cheisteanna Sóisialta le linn físchomhdháil neamhfhoirmiúil a bhí ar siúl an 21 Feabhra 2022. Thacaigh comhaltaí na Meithle um Cheisteanna Sóisialta a bheag nó a mhór le téacs na hUachtaránachta le linn an phlé sin.

Athruithe a thug an Uachtaránacht isteach:

a) Bunús dlí, tagairtí eile an Chonartha, agus cuspóir

Rinneadh Aithrisí 1-3a a athdhréachtú d’fhonn an nasc idir cuspóir na Treorach agus an bunús dlí atá beartaithe a neartú.

b) Airteagal 4 (soiléiriú ar an bhfoclaíocht)

Athraíodh foclaíocht Airteagal 1 beagán chun a chur in iúl go soiléir gurb iad *na Ballstáit* a roghnaíonn na cuspóirí malartacha (40% i gcás comhaltaí neamhfheidhmiúcháin boird nó 33% i gcás gach comhalta den bhord).

c) An clásal maidir le fionraí (Airteagal 4b)

In Airteagal 4b, rinneadh mír 1 agus mír 1a a chumasc agus an fhoclaíocht a athrú beagán d’fhonn athrá a sheachaint, chun soiléireacht an téacs a fheabhsú agus d’fhonn an tsolúbthacht a chuirtear ar fáil do na Ballstáit a mhéadú.

d) Tuairisciú (Airteagal 5)

In Airteagal 5(3a), cuireadh crostagairt do ‘Airteagal 4b’ in ionad na crostagartha do ‘Airteagal 4b(1a)(a)’ agus cuireadh ‘rialta’ in ionad na bhfocal ‘an cineál céanna nó a mhacasamhail’, d’fhonn an tsolúbthacht a chuirtear ar fáil do na Ballstáit a mhéadú.

¹⁰ 6212/22

e) **Féilire**

Rinne an Uachtaránacht na spriocdhátaí, na dátaí tuairiscithe agus an féilire cur chun feidhme a oiriúnú i bhfianaise an ama atá caite ón uair dheireanach a pléadh an comhad sa Chomhairle. Dá bhrí sin, leis an Treoir mar atá dréachtaithe faoi láthair, cheanglófaí ar na Ballstáit a áirithiú go mbeadh sé d'aidhm ag cuideachtaí liostaithe an cuspóir a bhaint amach go mbeadh ar a laghad 40% de na poist stiúrthóra neamhfheidhmiúcháin ag comhaltaí den ghnéas tearcionadaithe, nó an cuspóir a bhaint amach go mbeadh ar a laghad 33% de na poist stiúrthóra uile, idir stiúrthóirí feidhmiúcháin agus stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin, ag comhaltaí den ghnéas tearcionadaithe, faoin 31 Nollaig 2027 (seachas 2022 mar a moladh sa leagan roimhe seo¹¹). (Féach Airteagal 4 agus Aithrisí 22, 24a agus 26.)

Rinneadh an t-athrú dáta céanna (2027 seachas 2022) in Airteagal 4c freisin maidir le cuspóirí cainníochtúla aonair a bheidh le socrú ag cuideachtaí liostaithe nach bhfuil faoi réir na gculpóirí a leagtar síos in Airteagal 4.

Rinne an Uachtaránacht an féilire cur chun feidhme a oiriúnú freisin agus é mar éifeacht leis sin go rachadh na fionraíochtaí atá bunaithe ar Airteagal 4b in éag an 31 Nollaig 2029 (seachas 2024 mar a moladh sa leagan roimhe seo) murar comhlíonadh coinníollacha áirithe. Mura gcomhlíonfaí na coinníollacha, cheanglófaí ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfí i bhfeidhm na ceanglais nós imeachta atá in Airteagal 4a le héifeacht ón 30 Meán Fómhair 2030 (seachas 2025 mar a moladh sa leagan roimhe seo). (Féach Airteagal 4b.)

De réir na loighce céanna, de réir an téacs nua, cheanglófaí ar an gCoimisiún tús a chur le tuairisciú ar chur chun feidhme na Treorach faoin 31 Nollaig 2031 (seachas 2026 mar a moladh sa leagan roimhe seo). (Féach Airteagal 9.)

Ar deireadh, rinneadh athbhreithniú ar an gclásal éagtha agus é mar éifeacht leis sin go rachadh an Treoir in éag an 31 Nollaig 2038 (seachas 2033 mar a moladh sa leagan roimhe seo). (Féach Airteagal 10.)

¹¹ 9496/17

f) Nuashonrú

Mar gheall ar an am a bhí caite ón uair dheireanach a pléadh an téacs sa Chomhairle, ba ghá roinnt gnéithe a thabhairt cothrom le dáta agus cuireadh isteach tagairtí do phríomhdhoiciméid réime, lena n-áirítear, go háirithe, mar a leanas:

- Cuireadh isteach sa téacs tagairt do Cholún na gCeart Sóisialta, a fógraíodh in 2017 (Aithris 2a).
- Cuireadh isteach tagairt do chuspóir na Straitéise maidir le Comhionannas Inscene ón gCoimisiún (Aithris 4).
- Nuashonraíodh an staidreamh a léiríonn an dul chun cinn atá déanta faoi láthair i dtreo na cothromaíochta inscne ar bhoird cuideachtaí (Aithris 10a).
- Cuireadh isteach tagairtí do Dhearbhú Porto, do Phlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus do ghéarchéim COVID-19 (Aithris 10b).¹²
- Baineadh an tagairt don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ((AE) 2016/679) mar thagairt iomarcach, mar go bhfuil feidhm ag an Rialachán atá i gceist go cothrománach (Airteagal 4a(3)).

g) Tuilleadh athruithe teicniúla

Cuireadh roinnt athruithe teicniúla agus eagarthóireachta isteach sa téacs freisin.¹³ Tar éis an phlé neamhfhoirmiúil a bhí ann an 21 Feabhra, rinne an Uachtaránacht coigeartú breise ar an téacs bunaithe ar chomhairle theicniúil a fuarthas ó na saineolaithe dlí agus teanga in Ardrúnaíocht na Comhairle.¹⁴ Áirítear leis na hathruithe, go háirithe, mar a leanas:

¹² Rinneadh tagairtí éagsúla eile a thabhairt cothrom le dáta freisin agus/nó a chur leis an téacs (féach Aithris 6, Aithris 17a, Aithris 28 agus Airteagal 2(1)).

¹³ Féach 6212/22.

¹⁴ Féach 6340/22.

- Rinneadh aithris 14 agus aithris 22a a ailíniú le hábhar na coda oibríochtúla den téacs.
- Soiléiríodh foclaíocht Airteagal 4a (déantar tagairt anois do chuspóir amháin seachas do roinnt cuspóirí, toisc gur féidir leis na Ballstáit ceann de na roghanna atá ar fáil a roghnú).
- Soiléiríodh foclaíocht Airteagal 4b.
- In Airteagal 6, ceartaíodh an chrostagairt d'Airteagal 4b(1) trí chrostagairt d'Airteagal 4b(2)(b) a chur ina hionad.
- Rinneadh foclaíocht Airteagal 9(1) a ailíniú le hAirteagal 4c.

In Coreper an 2 Márta 2022, thacaigh tromlach mór na dtoscaireachtaí leis an téacs comhréitigh¹⁵ a d'ullmhaigh an Uachtaránacht agus chomhaontaigh siad gur bonn láidir é don chaibidlíocht a dhéanfar amach anseo le Parlaimint na hEorpa. Bhí líon beag toscaireachtaí nach raibh in ann tacú leis an téacs. Bhí toscaireachtaí eile nach raibh in ann a bhforchoimeádais ghrinnscrúdaithe ghinearálta a tharraingt siar go fóill. Thacaigh tromlach soiléir leis an téacs a chur ar aghaidh chuig Comhairle EPSCO d'fhonn teacht ar Chur Chuige Ginearálta.

Tugadh athrú teicniúil amháin isteach tar éis an phlé in Coreper, eadhon, cuireadh Aithris 41 nua leis an téacs, ina luaitear an Tuairim féintionscnaimh a ghlac Coiste na Réigiún maidir leis an togra. Léirítear an t-athrú seo i **gcló trom** sa téacs atá i gceangal leis seo.

¹⁵ 6340/22

Na forchoimeádais atá fágtha¹⁶

Forchoimeádais ghinearálta: PL, SK agus SE.

Forchoimeádais ghrinnscrúdaithe ghinearálta: EE, LV agus HU.

Forchoimeádais pharlaiminteacha ghinearálta: EE, LV agus LT.

III. CONCLÚID

Iarrtar ar an gComhairle (EPSCO) teacht ar chur chuige ginearálta maidir leis an téacs mar a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é agus sainordú a thabhairt don Uachtaránacht dul i mbun caibidlíochta le hionadaithe Pharlaimint na hEorpa maidir leis an gcomhad.

¹⁶ forchoimeádas grinnscrúdaithe teangeolaíoch: DK.

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne i measc stiúrthóirí cuideachtaí a
liostaítear ar stocmhalartáin, agus bearta gaolmhara**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 157(3)
de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,¹⁷

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

¹⁷ IO C 133, 9.5.2013, lch. 68.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Faoi Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), is luach bunaidh de chuid an Aontais é an comhionannas agus is comhluach ag na Ballstáit é i sochaí inar sainairí é an comhionannas, lena n-áirítear an comhionannas idir mná agus fir. Faoi Airteagal 3(3) CAE, déanfaidh an tAontas an comhionannas idir mná agus fir a chur chun cinn.
- (1a) Le hAirteagal 157(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tugtar de chumhacht reachtach don Aontas bearta de chuid an Aontais a ghlacadh lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm prionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha.
- (2) D'fhonn comhionannas iomlán iarbhrí idir mná agus fir a áirithiú i saol na hoibre, le hAirteagal 157(4) CFAE cuirfear ar chumas na mBallstát bearta a choimeád ar bun nó a ghlacadh lena ndéantar foráil maidir le buntáistí sonracha chun gurb fusa don ghnéas tearcionadaithe gabháil le gairm bheatha nó chun míbhuntáistí i slite beatha gairmiúla a chosc nó a chúiteamh (gníomhaíocht dhearfach). Foráiltear le hAirteagal 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an 'Chairt') nach mór comhionannas idir fir agus mná a áirithiú i gach réimse agus nach gcuireann an prionsabal um chomhionannas cosc ar bhearta a choimeád ar bun nó a ghlacadh a leagann síos foráil maidir le buntáistí sonracha ar mhaithe leis an ngnéas tearcionadaithe.
- (2a) I gColún Eorpach na gCeart Sóisialta, a d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún go comhpháirteach in 2017, cuimsítear i measc phrionsabail an cholúin sin nach mór deimhin a dhéanamh de go gcaitear go comhionann le mná agus le fir agus go mbeidh comhdheiseanna acu, lena n-áirítear rannpháirteachas sa mhargadh saothair, téarmaí agus coinníollacha fostaíochta agus dul chun cinn sa ghairmréim.

- (3) I Moladh 84/635/CEE ón gComhairle¹⁸, moladh do na Ballstáit bearta a dhéanamh lena áirithiú go n-áireofaí le gníomhaíocht dhearfach, a mhéid is féidir, gníomhaíochtaí a mbíonn tionchar acu ar rannpháirtíocht ghníomhach na mban i gcomhlachtaí cinnteoireachta. I Moladh 96/694/CE ón gComhairle¹⁹, moladh go spreagadh na Ballstáit an earnáil phríobháideach chun cur le líon na mban ar gach leibhéal cinnteoireachta, go háirithe trí phleananna comhionannais agus clár um gníomhaíocht dhearfach a ghlacadh nó laistigh de chreat pleananna agus clár den sórt sin.
- (3a) Rannchuidíonn an Treoir seo leis an gcuspóir cur i bhfeidhm phrionsabal an chomhionannais deiseanna a áirithiú trí ionadaíocht chothrom inscne a chothú sna poist ardbhainistíochta. Is é is aidhm leis córas a bhunú chun íoscheanglais a chur i bhfeidhm i dtaca le comhaltaí de bhord cuideachtaí a cheapadh agus a thoghadh.
- (4) Le blianta beaga anuas, tá roinnt tuarascálacha curtha i láthair ag an gCoimisiún ina ndéantar breithniú ar an staid maidir le héagsúlacht inscne sa chinnteoireacht eacnamaíoch. Tá sé tar éis cuideachtaí a liostaítear go poiblí san Aontas a spreagadh chun cur le líon na mban ar a mboird trí bhearta féinrialála agus chun gealltanais nithiúla dheonacha a dhéanamh ina leith sin. In 2010, sa Teachtaireacht uaidh dar teideal *A Strengthened Commitment to Equality between Women and Men - A Women's Charter* [Gealltanais Neartaithe i leith Comhionannas idir Mná agus Fir – Cairt Ban], chuir an Coimisiún i dtábhacht nach mbíonn rochtain iomlán fós ag mná ar chomhroinnt na cumhachta agus na cinnteoireachta sa saol polaitiúil agus sa saol eacnamaíoch agus d'athdhearbhaigh sé a ghealltanais leas a bhaint as a chumhachtaí chun ionadaíocht níos cothroime idir mná agus fir i bpoist freagrachta a chur chun cinn. Sa Teachtaireacht uaidh dar teideal '*Strategy for equality between women and men 2010-2015*' [Straitéis le haghaidh comhionannas idir mná agus fir 2010-2015], tá sé ar cheann de na príomhchúraimí a leag an Coimisiún amach feabhas a chur ar chothromaíocht inscne sa chinnteoireacht. Tá sé ar cheann de na tosaíochtaí a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal '*A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025*'²⁰ [Aontas Comhionannais: Straitéis Comhionannais Inscne 2020-2025] go mbainfí amach comhionannas inscne sa chinnteoireacht agus sa pholaitíocht.

¹⁸ Moladh 84/635/CEE ón gComhairle an 13 Nollaig 1984 maidir le gníomhaíocht dhearfach do mhná a chur chun cinn (IO L 331, 19.12.1984, lch. 34).

¹⁹ Moladh 96/694/CE ón gComhairle an 2 Nollaig 1996 maidir le maidir le rannpháirtíocht chothrom ban agus fear sa phróiseas cinnteoireachta (IO L 319, 10.12.1996, lch. 11).

²⁰ COM(2020) 152 final.

- (5) In 2011, ghlac an Chomhairle an Comhaontú Eorpach um Chomhionannas Inscne (2011-2020), agus é á aithint aici go bhfuil beartais comhionannais inscne ríthábhachtach don fhás eacnamaíoch, don rathúnas agus don iomaíochas. D'athdhearbhaigh sí a tiomantas na bearnaí idir na hinscní a dhúnadh d'fhonn cuspóirí Straitéis Eoraip 2020 a chomhlíonadh, go háirithe i dtrí réimse a bhfuil ábharthacht mhór ag baint leo maidir le comhionannas inscne, eadhon fostaíocht, oideachas agus cuimsiú sóisialta, agus é á iarraidh aici go ndéanfaí rannpháirtíocht chothrom idir mná agus fir a chur chun cinn sa chinnteoireacht ar gach leibhéal agus i ngach réimse, chun lánúsáid a bhaint as an tallann ar fad atá ar fáil.
- (6) Ina rún ó mhí Iúil 2011 maidir le mná agus ceannaireacht ghnó, d'áitigh Parlaimint na hEorpa ar chuideachtaí an tairseach chriticiúil 30 % a bhaint amach faoi 2015, agus 40 % faoi 2020, i dtaobh ballraíocht ban i gcomhlachtaí bainistíochta. D'iarr sí ar an gCoimisiún, dá mba rud é gur measadh nár leordhóthanach iad na céimeanna arna nglacadh ag cuideachtaí agus ag na Ballstáit, reachtaíocht a mholadh faoi 2012, agus cuótaí san áireamh. D'athdhearbhaigh Parlaimint na hEorpa gur iarr sí reachtaíocht ina leith sin i rún an 13 Márta 2012 agus rún an 21 Eanáir 2021 uaithi.
- (7)
- (8)
- (9)

- (10) Tá líon mór ban ardcháilithe san Eoraip. Tá sé fíor-riachtanach feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne ar bhoird cuideachtaí chun úsáid níos éifeachtúla a bhaint as an gcaipiteal daonna atá ann cheana, rud atá ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha an Aontais. Thairis sin, aithnítear go forleathan go bhfeabhsaítear rialachas corparáideach de bharr mná a bheith i láthair sa seomra boird agus tá sé léirithe i staidéir iomadúla go bhfuil comhghaol deimhneach ann idir éagsúlacht inscne ar leibhéal an lucht ardbhainistíochta agus feidhmíocht airgeadais agus brabúsacht chuideachta. In ainneoin fianaise go mbíonn tionchar tairbhiúil ag cothromaíocht inscne ar chuideachtaí iad féin agus ar an ngeilleagar i gcoitinne, agus in ainneoin na reachtaíochta de chuid an Aontais atá ann cheana lena gcuirtear cosc ar idirdhealú ar bhonn gnéis agus gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais lena spreagtar féinrialáil, is mó i bhfad líon na bhfear ná líon na mban go fóill sna comhlachtaí cinnteoireachta is airde i gcuideachtaí ar fud an Aontais. Is mó agus is géire an mhíchothromaíocht inscne sin san earnáil phríobháideach, agus go háirithe i gcuideachtaí liostaithe.
- (10a) Léiríonn príomhtháscaire an Choimisiúin maidir le hionadaíocht inscne ar bhoird chorparáideacha go bhfuil cion na mban a mbíonn baint acu le cinnteoireacht ardleibhéil ghnó fós an-íseal. De réir na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne, in 2021 ba mhná iad 30.6 %, ar an meán, de chomhaltaí bord stiúrthóirí sna cuideachtaí ba mhó a bhí liostaithe go poiblí, agus níor mhná iad ach 8.5 % de na cathaoirligh.

- (10b) *In Europe 2020 A Strategy for smart, sustainable and inclusive growth* [An Eoraip 2020: Straitéis maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach], aithníodh gur réamhchoinníoll é cur le rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair chun borradh a chur faoin bhfás agus chun dul i ngleic le dúshlán dhéimeagrafacha san Eoraip. Ba é an phríomhspríoc a leagadh síos sa straitéis sin ráta fostaíochta 75 % a bhaint amach faoi 2020 i dtaca le mná agus fir idir 20 bliain agus 64 bliana. I nDearbhú Porto, a shínigh na Ceannairí Stáit agus Rialtais an 8 Bealtaine 2021²¹, luadh gur dhíol sásaimh a bhí i bpríomhspríocanna nua an Aontais maidir le poist, scileanna agus laghdú bochtaineachta chomh maith leis an Scórchlár Sóisialta athbhreithnithe a mhol an Coimisiún i bPlean Gníomhaíochta Chólún Eorpach na gCeart Sóisialta²². Chun an sprioc fhoriomlán de ráta fostaíochta de 78 % i measc dhaonra an Aontais idir 20 bliain agus 64 bliana d'aois a bhaint amach faoi 2030, ní mór tréaniarracht a dhéanamh an bhearna fostaíochta idir na hinscní a laghdú faoi leath i gcomparáid le 2019. Táthar ag súil go mbeidh éifeacht dhearfach ag rannpháirtíocht na mban i gcinnteoireacht eacnamaíoch, ar bhoird cuideachtaí go háirithe, ar fhostaíocht ban sna cuideachtaí lena mbaineann agus ar fud an gheilleagair ar fad. Tar éis ghéarchéim COVID-19, is tábhachtaí fós a bheidh an comhionannas inscne agus an cheannaireacht chuimsitheach. Is léir ón taighde gur cumasóirí téarnaimh agus athléimneachta iad an cuimsiú agus an éagsúlacht.
- (11) Tá méadú an-mhall tagtha ar chion na mban ar bhoird cuideachtaí le blianta beaga anuas. Ráta feabhais éagsúil a bhí i gceist ó Bhallstát go chéile agus tá torthaí an-éagsúil ann mar thoradh air sin. Is mó i bhfad an dul chun cinn a tugadh ar aird sna Ballstáit sin inar tugadh bearta ceangailteacha isteach. Is dócha go dtiocfaidh méadú ar an éagsúlacht sin mar gheall ar na cuir chuige an-éagsúil atá ann lena áirithiú go mbeidh ionadaíocht níos cothroime idir mná agus fir ar bhoird. Dá bhrí sin, spreagtar na Ballstáit chun faisnéis a chomhroinnt maidir leis na bearta éifeachtacha arna ndéanamh agus na beartais arna nglacadh ar an leibhéal náisiúnta, agus chun dea-chleachtas a mhalartú, d'fhonn tacú leis an dul chun cinn ar fud an Aontais i dtreo ionadaíocht níos cothroime idir mná agus fir ar bhoird cuideachtaí.

(12)

²¹ <https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2021/05/08/the-porto-declaration/>
²² COM(2021) 102 final.

- (13) An easpa trédhearcachta atá ann faoi láthair sa phróiseas roghnúcháin agus i leith na gcritéar cáilithe do phoist bhoird i bhformhór na mBallstát, is bacainn mhór é ar éagsúlacht inscne níos fearr i measc comhaltaí boird agus bíonn tionchar diúltach aige ar ghairmréim agus ar shaoirse gluaiseachta na n-iarrthóirí ar phoist bhoird, agus ar chinntí infheisteoirí. Mar gheall ar an easpa trédhearcachta sin, fághtar nach féidir le hiarrthóirí féideartha ar phoist bhoird iarratais a dhéanamh chuig boird inar mó a mbeadh gá lena gcáilíochtaí agus nach féidir leo cur i gcoinne cinntí ceapacháin atá claonta ó thaobh inscne de, rud a chuireann srian ar a saoirse gluaiseachta sa mhargadh inmheánach. Os a choinne sin, bíonn straitéisí infheistíochta éagsúla ag infheisteoirí a éilíonn faisnéis atá nasctha freisin le saineolas agus inniúlacht na gcomhaltaí boird. Ach breis trédhearcachta a bheith ann i leith na gcritéar cáilithe agus an phróisis roghnúcháin do chomhaltaí boird, cuirtear ar a gcumas d'infheisteoirí measúnú níos fearr a dhéanamh ar straitéis ghnó na cuideachta agus cinntí eolasacha a dhéanamh.
- (14) Cé nach bhfuil sé ina aidhm leis an Treoir seo comhchuiibhiú mionsonraithe a dhéanamh ar dhlíthe náisiúnta maidir leis an bpróiseas roghnúcháin agus na critéir cháilithe do phoist bhoird, is gá, chun an chothromaíocht inscne a fheabhsú, caighdeáin íosta áirithe a thabhairt isteach maidir leis an gceanglas ar chuideachtaí liostaithe nach bhfuil ionadaíocht chothrom inscne acu iarrthóirí a roghnú lena dtoghadh nó lena gceapadh chuig poist stiúrthóra neamhfheidhmiúcháin ar bhonn measúnú comparáideach, oibiachtúil ar a gcáilíochtaí i dtéarmaí oiriúnachta, inniúlachta agus feidhmíocht ghairmiúil de. Is trí bheart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais, agus ar an gcaoi sin amháin, is féidir cuidiú go héifeachtach le cothroime iomaíochta a áirithiú ar fud an Aontais agus deacrachtaí praiticiúla i saol an ghnó a sheachaint.

(15)

- (16) Ba cheart é a bheith ina aidhm ag an Aontas, dá bhrí sin, cur le líon na mban ar bhoird cuideachtaí, chun borradh a chur faoin bhfás eacnamaíoch agus faoi iomaíochas cuideachtaí Eorpacha agus chun comhionannas inscne éifeachtach a bhaint amach sa mhargadh saothair. Ba cheart an aidhm sin a shaothrú trí cheanglais íosta maidir le gníomhaíocht dhearfach i bhfoirm bearta ceangailteacha arb é is aidhm leo cuspóir cainníochtúil a bhaint amach i leith comhdhéanamh inscne bord cuideachtaí liostaithe, ós rud é go bhfuil na torthaí is fearr bainte amach ag na Ballstáit agus ag tíortha eile a roghnaigh an modh sin nó modh comhchosúil ó thaobh a áirithiú go bhfuil ionadaíocht níos cothroime idir mná agus fir i bpoist cinnteoireachta eacnamaíche.
- (17) Tá tábhacht eacnamaíoch faoi leith ag baint le cuideachtaí atá liostaithe ar stocmhalartáin, baineann infheictheacht ar leith leo agus bíonn tionchar ar leith acu ar an margadh ina iomláine. Leagann na cuideachtaí sin síos caighdeán don gheilleagar i gcoitinne agus is féidir a bheith ag súil leis go leanfaidh cineálacha eile cuideachtaí a gcleachtais. Mar gheall ar chineál poiblí na gcuideachtaí liostaithe, is ceart níos mó rialála a dhéanamh orthu ar mhaithe le leas an phobail.
- (17a) Na bearta dá bhforáiltear sa Treoir seo, ba cheart feidhm a bheith acu maidir le cuideachtaí liostaithe, a sainmhínítear iad mar chuideachtaí a bhfuil a n-oifig chláraithe acu i mBallstát agus a ligtear a scaireanna isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte de réir bhrí Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²³ i mBallstát amháin nó níos mó. Ní dhéanann an Treoir seo difear don reachtaíocht atá ann cheana maidir le suíomh cuideachta liostaithe a chinneadh.

²³ Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lgh. 349–496).

- (17b) Chun críocha chur chun feidhme na Treorach seo, ba cheart an Ballstát ina bhfuil a oifig chláraithe ag an gcuideachta liostaithe lena mbaineann, seachas an Ballstát a ndéanann an chuideachta liostaithe a scaireanna a thrádáil ar a mhargadh rialáilte, a bheith ina Bhallstát is inniúil i dtaobh na hábhair faoin Treoir seo a rialáil. Is é dlí an Bhallstáit ina bhfuil a hoifig chláraithe ag an gcuideachta liostaithe an dlí ba cheart a bheith infheidhme.
- (18) Níor cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo maidir le fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide (FBManna), mar a sainmhínítear iad i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micreafhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide²⁴.
- (19) Tá córais éagsúla sna Ballstáit i dtaobh struchtúr boird do chuideachtaí liostaithe, agus is é an príomh-idirdhealú eatarthu an difríocht idir déchóras ina mbíonn bord bainistíochta agus bord maoirseachta araon i gceist ('struchtúr dhá bhord') agus córas aonadach lena gcomhcheanglaítear na feidhmeanna bainistíochta agus na feidhmeanna maoirseachta i mbord amháin ('struchtúr boird amháin'). Tá córais mheasctha ann freisin, a bhfuil gnéithe den dá chóras iontu nó faoina dtugtar rogha do chuideachtaí idir samhlacha éagsúla. Ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo maidir le gach córas boird sna Ballstáit.
- (20) Le gach córas boird déantar idirdhealú, *de jure* nó *de facto*, idir stiúrthóirí feidhmiúcháin, a mbíonn baint acu le bainistíocht laethúil na cuideachta, agus stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin a chomhlíonann feidhm mhaoirseachta agus nach mbíonn baint acu leis an mbainistíocht laethúil. Tá sé ina aidhm leis an Treoir seo feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne sa dá chatagóir stiúrthóra. Chun an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir an gá atá le héagsúlacht inscne na mbord a mhéadú agus an gá atá le híoslaghdu a dhéanamh ar an gcur isteach ar bhainistíocht laethúil chuideachta, déantar idirdhealú sa Treoir seo idir an dá chatagóir stiúrthóra.

²⁴ IO L 124, 20.5.2003, lch. 36.

- (21) Ba cheart feidhm a bheith ag na cuspóirí cainníochtúla dá bhforáiltear sa Treoir seo maidir le gach stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin. I roinnt Ballstát, de bhun an dlí náisiúnta nó an chleachtais náisiúnta, is féidir nó ní mór gurb iad lucht saothair cuideachta agus/nó eagraíochtaí na bhfostaithe a dhéanann cion áirithe de na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin a cheapadh nó a thoghadh. Ba cheart feidhm a bheith ag na cuspóirí cainníochtúla maidir leis na stiúrthóirí sin freisin. Ós rud é, áfach, gur ionadaithe fostaithe iad roinnt stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann sainiú a dhéanamh ar an modh lena áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí sin, agus aird chuí á tabhairt ar na rialacha sonracha maidir le hionadaithe fostaithe a thoghadh nó a ainmniú mar a leagtar síos i reachtaíocht na mBallstát, agus ba cheart don mhodh sin an tsaoirse vótála a urramú agus ionadaithe fostaithe á dtoghadh. I bhfianaise na ndifríochtaí i ndlí náisiúnta na gcuideachtaí, ba cheart a áireamh leis sin an deis a bheith ag na Ballstáit na cuspóirí cainníochtúla a chur i bhfeidhm ar leithligh maidir le hionadaithe scairshealbhóirí agus ionadaithe fostaithe.
- (22) Ba cheart é a bheith ina aidhm ag cuideachtaí liostaithe san Aontas an cuspóir a bhaint amach gur den inscne thearcionadaithe a bheidh 40 % ar a laghad dá stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2027. De rogha air sin, ós rud é gur cheart é a bheith ina aidhm ag cuideachtaí liostaithe cur leis an gcion daoine den inscne thearcionadaithe i ngach post cinnteoireachta, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go bhféadfaidh sé a bheith ina aidhm ag cuideachtaí liostaithe an cuspóir a bhaint amach gur ag daoine den inscne thearcionadaithe a bheidh 33 % ar a laghad de na poist stiúrthóra, beag beann ar iad a bheith ina stiúrthóirí feidhmiúcháin nó ina stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin. Baineann na cuspóirí sin leis an éagsúlacht inscne fhoriomlán i measc stiúrthóirí agus ní chuireann siad isteach ar roghnú nithiúil stiúrthóirí aonair ó líon leathan iarrthóirí fireanna agus baineanna i ngach cás ar leithligh. Go háirithe, ní fhágann an Treoir seo go gcuirtear aon iarrthóirí áirithe as an áireamh i leith poist stiúrthóra, ná ní fhágann sí go bhforchuirtear aon stiúrthóirí aonair ar chuideachtaí nó ar scairshealbhóirí. Urramaítear cearta na scairshealbhóirí agus an tsaoirse vótála ag tionól na scairshealbhóirí. Dá bhrí sin, is faoi na cuideachtaí agus na scairshealbhóirí a bheidh an cinneadh fós maidir leis na comhaltaí boird iomchuí.

- (22a) Maidir le cuideachtaí liostaithe a bhfuil a n-oifig chláraithe acu i mBallstát a bhfuil bearta chomh héifeachtach céanna déanta aige lena áirithiú go mbeidh ionadaíocht níos cothroime idir mná agus fir ar bhoird cuideachtaí liostaithe nó i gcás ina bhfuil fianaise ann go bhfuil dul chun cinn déanta lena bhfuiltear ag teannadh leis na cuspóirí thuasluaite a chomhlíonadh agus i gcás inar chinn an Ballstát sin cur i bhfeidhm Airteagal 4a a chur ar fionraí, ba cheart a mheas gur baineadh amach na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 4(1).
- (23)
- (24) Ní mór sonrú breise a dhéanamh lena chinneadh cén líon post stiúrtóra is gá chun na cuspóirí a bhaint amach ós rud é, i bhfianaise mhéid fhormhór na mbord, nach féidir an sciar cruinn de 40 % nó, i gcás inarb infheidhme, 33 % a bhaint amach go matamaiticiúil. Dá bhrí sin, ba cheart gurb é líon na bpost boird is gá chun an cuspóir a chomhlíonadh an líon is gaire do 40 %, nó, i gcás inarb infheidhme, 33 %, agus sa dá chás ba cheart gur lú é ná 50 %.
- (24a) Ós rud é go bhféadfadh tionchar díreach a bheith ag comhdhéanamh inscne an lucht saothair ar infhaighteacht iarrthóirí den inscne thearcionadaithe, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh, i gcás na gcuspóirí cainníochtúla a leagtar síos sa Treoir seo maidir le hionadaíocht fear agus ban i measc stiúrtóirí, nach mbeidh feidhm acu maidir le cuideachtaí liostaithe inar lú ná 10 % de líon na fostaithe cion na ndaoine den inscne thearcionadaithe. Mar sin féin, ba cheart do chuideachtaí den sórt sin a gcuspóirí cainníochtúla féin a leagan síos maidir le hionadaíocht chothrom inscne idir mná agus fir i measc na bpost stiúrtóra uile agus ba cheart é a bheith ina aidhm acu na cuspóirí sin a bhaint amach faoin 31 Nollaig 2027.

- (25) Ina cásdlí maidir le gníomhaíocht dhearfach agus maidir le comhoiriúnacht na gníomhaíochta dearfaí sin le prionsabal an neamh-idirdhealaithe bunaithe ar ghnéas (a leagtar síos freisin in Airteagal 21 den Chairt), ghlac Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh leis go bhféadfar, i gcásanna áirithe, tosaíocht a thabhairt don inscne thearcionadaithe sa roghnú le haghaidh fostaíochta nó ardú céime, ar choinníoll go mbeidh an t-iarrthóir den inscne thearcionadaithe chomh cáilithe céanna leis an iomaitheoir den inscne eile i dtéarmaí oiriúnachta, inniúlachta agus feidhmíocht ghairmiúil, ar choinníoll nach tosaíocht í a bhfuil feidhm uathoibríoch léi agus atá gan choinníoll ach go bhféadfar í a shárú má fhágann cúiseanna a bhaineann go sonrach le hiarrthóir aonair den inscne eile gur cuí tosaíocht a bheith ag an iarrthóir sin, agus ar choinníoll go mbeidh an t-iarratas ó gach iarrthóir faoi réir measúnú oibiachtúil ina gcuirfear i bhfeidhm go sonrach na critéir roghnúcháin uile i leith na n-iarrthóirí aonair²⁵.
- (26) I gcomhréir leis an gcásdlí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, i gcás na gcuideachtaí liostaithe sin a bhfuil níos lú ná 40 % de na poist stiúrthóra neamhfheidhmiúcháin ag daoine den inscne thearcionadaithe ar a mboird, nó níos lú ná 33 % de na poist stiúrthóra uile, faoi seach, go roghnóidh siad na hiarrthóirí is fearr cáilíochtaí lena dtoghadh nó lena gceapadh chuig na poist sin ar bhonn anailís chomparáideach ar cháilíochtaí iarrthóirí trí chritéir shoiléire, gan débhrí, arna bhfoirmliú ar bhealach neodrach a chur i bhfeidhm, ar critéir iad a bunaíodh ag tús an phróisis roghnúcháin, d'fhonn an céatadán ábhartha a bhaint amach tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2027. D'fhéadfaí a áireamh le samplaí de na cineálacha critéar roghnúcháin a d'fhéadfadh cuideachtaí liostaithe a chur i bhfeidhm taithí ghairmiúil ar chúraimí bainistíochta nó maoirseachta, eolas i réimsí ábhartha sonracha amhail airgeadas, rialú nó bainistíocht acmhainní daonna, scileanna ceannaireachta agus cumarsáide agus cumais líonraithe.

²⁵ C-450/93 Kalanke [1995] ECR I-3051, C-409/95 Marschall [1997] ECR I-6363, C-158/97 Badeck [2000] ECR I-1875, C-407/98 Abrahamsson [2000] ECR I-5539.

- (26a) I mBallstáit ina bhfuil feidhm ag na ceanglais a bhaineann leis an bpróiseas faoina ndéantar iarrthóirí a roghnú, níor cheart oibleagáid a bheith ar chuideachtaí na ceanglais sin a chur chun feidhme más cuideachtaí iad inarb ag daoine den inscne thearcionadaithe atá 40 % ar a laghad de na poist stiúrtóra neamhfheidhmiúcháin ar a mboird, nó 33 % ar a laghad de na poist stiúrtóra uile, faoi seach.
- (27) Ní hionann i ngach Ballstát ná i ngach cuideachta na modhanna chun iarrthóirí a roghnú lena gceapadh nó lena dtoghadh chuig poist stiúrtóra. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí orthu go ndéanfaidh coiste ainmniúcháin nó gnólachtaí cuardaigh feidhmeannach, mar shampla, na hiarrthóirí a réamhroghnú lena gcur faoi bhráid thionól na scairshealbhóirí. Ba cheart na ceanglais maidir le roghnú iarrthóirí a chomhlíonadh ag an gcéim iomchuí den phróiseas roghnúcháin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le hairteagail chomhlachais na gcuideachtaí liostaithe lena mbaineann, sula dtoghfaidh scairshealbhóirí iarrthóir, tráth a bhfuil gearrliosta á ullmhú mar shampla. I ndáil leis an méid sin, ní bhunaítear leis an Treoir seo ach caighdeán íosta maidir leis an bpróiseas chun iarrthóirí a roghnú lena gceapadh nó lena dtoghadh chuig na poist, rud a fhágann gur féidir na coinníollacha dá bhforáiltear le cásdlí na Cúirte Breithiúnais a chur i bhfeidhm d'fhonn an cuspóir a bhaint amach maidir le hionadaíocht níos cothroime idir mná agus fir ar bhoird cuideachtaí liostaithe. Urramaítear leis an Treoir seo cearta na scairshealbhóirí agus an tsaoirse vótála ag tionól na scairshealbhóirí.

- (28) I bhfianaise chuspóirí na Treorach seo, ba cheart a cheangal ar chuideachtaí liostaithe, arna iarraidh sin d'iarrthóir, an t-iarrthóir sin a chur ar an eolas faoi na critéir cháilithe ar a raibh an roghnú bunaithe, faoin measúnú comparáideach oibiachtúil ar na hiarrthóirí faoi na critéir sin agus, i gcás inarb ábhartha, faoi na breithnithe lenar cinneadh tosaíocht a thabhairt d'iarrthóir nach duine den inscne thearcionadaithe é. D'fhéadfadh sé a bheith ina thoradh ar cheanglas faisnéise den sórt sin go gcuirfí teorainn ar an gceart go n-urramófaí an saol príobháideach agus ar an gceart go gcosnófaí sonraí pearsanta, cearta a aithnítear le hAirteagail 7 agus 8, faoi seach, den Chairt. Tá gá le teorainneacha den sórt sin, áfach, agus, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, is fíor go gcomhlíonann siad cuspóirí aitheanta i ndáil leis an leas ginearálta. Dá bhrí sin, tá siad i gcomhréir leis na ceanglais maidir le teorainneacha den sórt sin a leagtar síos in Airteagal 52(1) den Chairt agus le cásdlí ábhartha na Cúirte Breithiúnais. Ba cheart teorainneacha den sórt sin a chur i bhfeidhm i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁶.
- (29) I gcás ina suífidh iarrthóir den inscne thearcionadaithe an toimhde go raibh sé nó sí chomh cáilithe céanna leis an iarrthóir a roghnaíodh den inscne eile, ba cheart a cheangal ar an gcuideachta liostaithe a léiriú go ndearnadh an rogha cheart.

²⁶ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1–88).

- (29a) I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, tá sé tábhachtach an dlisteanacht atá ag cuir chuige éagsúla a aithint agus aitheantas a thabhairt d'éifeachtacht beart náisiúnta áirithe atá ar fáil sa réimse beartais casta seo. I roinnt Ballstát, tá bearta déanta cheana féin lena bhforáiltear do mhodhanna atá chomh héifeachtach céanna lena áirithiú go mbeidh ionadaíocht níos cothroime idir mná agus fir ar bhoird cuideachtaí liostaithe, nó d'fhéadfadh sé go ndéanfaí bearta den sórt sin fós, nó d'fhéadfadh fianaise a bheith ann go bhfuil dul chun cinn déanta lena bhfuiltear ag teannadh leis na cuspóirí a leagtar síos sa Treoir seo a bhaint amach, roimh an sprioc-am dá cur chun feidhme. Féadfaidh na Ballstáit sin na ceanglais uile a bhaineann le próiseas roghnúcháin na n-iarrthóirí a chur ar fionraí. Sna Ballstáit a thug isteach bearta atá chomh héifeachtach céanna trí bhíthin reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear gur ag daoine den inscne thearcionadaithe a bheidh 30 % ar a laghad de na poist stiúrthóra neamhfheidhmiúcháin nó 25 % ar a laghad de gach post stiúrthóra i gcuideachtaí móra liostaithe, ba cheart na rialacha slánaithe a shainítear sa Treoir seo maidir leis an líon sonrach comhaltaí boird a chur i bhfeidhm *mutatis mutandis* chun na forálacha náisiúnta sin a mheasúnú faoin Treoir seo.
- (29b) Ina theannta sin, d'fhoill an chothromaíocht inscne a fheabhsú i measc stiúrthóirí a mbíonn baint acu le cúraimí laethúla bainistíochta, ba cheart ceangal a chur ar chuideachtaí liostaithe cuspóirí cainníochtúla dá gcuid féin a leagan síos maidir le hionadaíocht níos cothroime idir mná agus fir i measc stiúrthóirí feidhmiúcháin, agus é mar aidhm na cuspóirí sin a bhaint amach faoin dáta a leagtar amach sa Treoir seo. Ba cheart do na cuspóirí sin cabhrú le cuideachtaí dul chun cinn inbhraite a bhaint amach i gcomparáid leis an staid ina bhfuil siad faoi láthair. Níor cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid sin maidir le cuideachtaí liostaithe a bhfuil cuspóir 33 % á shaothrú acu i ndáil leis na stiúrthóirí uile, idir stiúrthóirí feidhmiúcháin agus neamhfheidhmiúcháin.

- (29d) Ba cheart do na Ballstáit a cheangal ar chuideachtaí liostaithe faisnéis a sholáthar ar bhonn bliantúil do na húdaráis inniúla maidir le comhdhéanamh inscne a mbord chomh maith le faisnéis maidir leis na bearta a rinneadh d'fhonn na cuspóirí a leagtar síos sa Treoir seo a bhaint amach, chun a chur ar a gcumas do na húdaráis sin measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn a bheidh déanta ag gach cuideachta liostaithe i dtreo ionadaíocht níos cothroime idir mná agus fir i measc stiúrthóirí. Ba cheart do chuideachtaí liostaithe an fhaisnéis sin a fhoilsiú ar bhealach iomchuí, inrochtana ar a suímh ghréasáin. I gcás nár chomhlíon cuideachta liostaithe na cuspóirí cainníochtúla is infheidhme, ba cheart a áireamh san fhaisnéis sin freisin tuairisc ar na bearta atá beartaithe ag an gcuideachta a dhéanamh amach anseo chun na cuspóirí a chomhlíonadh. I gcás inar chuir Ballstáit cur i bhfeidhm Airteagal 4a ar fionraí ar bhonn Airteagal 4b, níor cheart feidhm a bheith ag na hoibleagáidí sin ar choinníoll go mbeidh na hoibleagáidí tuairiscithe céanna nó oibleagáidí tuairiscithe tráthrialta sa reachtaíocht náisiúnta.
- (30) Na hoibleagáidí a bhaineann leis an bpróiseas chun iarrthóirí a roghnú lena gceapadh nó lena dtoghadh, an oibleagáid maidir le sprioc dheonach a leagan síos i ndáil le stiúrthóirí feidhmiúcháin, agus oibleagáidí tuairiscithe, ba cheart iad a fhorfheidhmiú trí bhearta atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Gan dochar don dlí náisiúnta maidir le bearta forfheidhmiúcháin a fhorchur, fad a chomhlíonann cuideachtaí liostaithe na hoibleagáidí sin, níor cheart pionós a ghearradh orthu as mainneachtain na cuspóirí cainníochtúla a bhaineann le hionadaíocht fear agus ban i measc stiúrthóirí a bhaint amach. Níor cheart bearta forfheidhmiúcháin a chur i bhfeidhm maidir le cuideachtaí liostaithe iad féin más rud é, faoin dlí náisiúnta, nach bhfuil gníomh nó easnamh áirithe inchurtha i leith na cuideachta, ach i leith daoine nádúrtha nó dlítheanacha eile amhail scairshealbhóirí aonair.

(31)

(32)

(33)

(34)

(35)

- (35b) Féadfaidh na Ballstáit nó cuideachtaí liostaithe bearta níos fabhraí a thabhairt isteach nó a choinneáil ar bun chun ionadaíocht níos cothroime idir mná agus fir a áirithiú.
- (36) Leis an Treoir seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear sa Chairt. Go háirithe, rannchuidíonn sí le comhlíonadh an chirt chun comhionannais idir mná agus fir (Airteagal 23 den Chairt), an chirt chun slí bheatha a roghnú agus an chirt chun obair a dhéanamh (Airteagal 15 den Chairt). Leis an Treoir seo, féachtar lena áirithiú go n-urramófar go hiomlán an ceart chun leigheas éifeachtach agus éisteacht chóir a fháil (Airteagal 47 den Chairt). Leis na teorainneacha ar fheidhmiú na saoirse chun gnó a sheoladh (Airteagal 16 den Chairt) agus ar fheidhmiú an chirt chun maoine (Airteagal 17(1) den Chairt), urramaítear bunbhí na gceart agus na saoirsí sin agus tá siad riachtanach agus comhréireach. Comhlíontar iarbhrí leo cuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas agus an gá atá le cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint.

- (37) Cé go bhfuil roinnt Ballstát tar éis gníomhaíocht rialála a dhéanamh nó féinrialáil a spreagadh le torthaí measctha, níl gníomhaíocht déanta ag formhór na mBallstát ná níor léirigh siad go bhfuil siad toilteanach gníomhú ar bhealach a mbeadh feabhas leordhóthanach ina thoradh air. Réamh-mheastacháin atá bunaithe ar anailís chuimsitheach ar an bhfaisnéis uile atá ar fáil maidir leis na treochothaí a bhí ann cheana agus na treochothaí atá ann faoi láthair, agus maidir le rúin, léirítear leo nach mbainfidh na Ballstáit amach tráth ar bith ar feadh i bhfad, ag gníomhú dóibh ina n-aonar, ionadaíocht chothrom idir mná agus fir i measc comhaltaí boird ar fud an Aontais i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach sa Treoir seo. I bhfianaise na n-imthosca sin agus i bhfianaise na neamhréireachtaí idir na Ballstáit i dtéarmaí ionadaíocht ban agus fear ar bhoird cuideachta, ar neamhréireachtaí iad atá ag dul i méid, ní féidir feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne ar bhoird chorporáideacha ar fud an Aontais ach amháin trí chur chuige comhchoiteann, agus is fearr is féidir an acmhainneacht maidir le comhionannas inscne, iomaíochas agus fás a bhaint amach trí ghníomhaíocht chomhordaithe ar leibhéal an Aontais seachas trí thionscnaimh náisiúnta a bhfuil raon feidhme, uaillmhian agus éifeachtacht éagsúil acu. Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo a ghnóthú go leordhóthanach ach gur féidir, de bharr fhairsinge agus éifeacht na gníomhaíochta, iad a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.
- (38) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal céanna sin, tá an Treoir seo teoranta do chuspóirí agus prionsabail choiteanna a leagan síos agus ní théann sí thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú. Tugtar dóthain saoirse do na Ballstáit lena chinneadh cén chaoi is fearr chun na cuspóirí a leagtar síos sa Treoir seo a bhaint amach agus imthosca náisiúnta á gcur san áireamh, go háirithe rialacha agus cleachtais a bhaineann le hearcú do phoist ar bhoird. Ní chuireann an Treoir seo isteach ar an bhféidearthacht go gceapfadh cuideachtaí liostaithe na comhaltaí boird is cáilithe, agus deonaítear léi tréimhse oiriúnaithe atá fada go leor.

- (39) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ba cheart teorainn ama a chur leis an gcuspóir atá le comhlíonadh ag cuideachtaí liostaithe agus níor cheart don chuspóir sin fanacht i bhfeidhm ach go dtí go mbeidh dul chun cinn inbhuanaithe bainte amach maidir le comhdhéanamh inscne bord. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach seo agus tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Thairis sin, foráiltear leis an Treoir seo do dháta éaga. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh, ina athbhreithniú, féachaint an gá síneadh a chur le ré na Treorach thar an tréimhse sin.
- (40) I gcomhréir leis an Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2011 maidir le doiciméid mhíniúcháin,²⁷ ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra faoina mbearta maidir le trasuí, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir na codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta maidir le trasuí. I ndáil leis an Treoir seo measann an reachtóir go bhfuil údar cuí le doiciméid den sórt sin a tharchur.

(41) (nua) Thug Coiste na Réigiún tuairim an 30 Bealtaine 2013,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1
Ábhar

Leis an Treoir seo, féachtar le hionadaíocht níos cothroime idir mná agus fir a bhaint amach i measc stiúrthóirí cuideachtaí liostaithe trí bhearta a bhunú arb é is aidhm dóibh dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo cothromaíocht inscne agus, an tráth céanna, a ndóthain ama a thabhairt do chuideachtaí liostaithe chun na socruithe is gá a dhéanamh.

²⁷ IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

Airteagal 2
Sainmhínithe

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘cuideachta liostaithe’ cuideachta a bhfuil a hoifig chláraithe i mBallstát, agus a ligtear a scaireanna isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte de réir bhrí phointe (21) d’Airteagal 4(1) de Threoir 2014/65/AE, i mBallstát amháin nó níos mó;
- (2) ciallaíonn ‘bord’ aon chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta de chuid cuideachta liostaithe;
- (3) ciallaíonn ‘stiúrthóir’ aon chomhalta boird lena n-áirítear ionadaí thar ceann na bhfostaithe;
- (4) ciallaíonn ‘stiúrthóir feidhmiúcháin’ aon chomhalta de bhord aonadach a bhíonn ag gabháil do bhainistíocht laethúil cuideachta liostaithe agus aon chomhalta de bhord bainistíochta i gcóras débhoird;
- (5) ciallaíonn ‘stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin’ aon chomhalta de bhord aonadach seachas stiúrthóir feidhmiúcháin agus aon chomhalta de bhord maoirseachta i gcóras débhoird;
- (6) ciallaíonn ‘bord aonadach’ bord aonair a dhéanann feidhmeanna bainistíochta agus feidhmeanna maoirseachta cuideachta liostaithe;
- (7) ciallaíonn ‘déchóras bord’ córas ina ndéanann boird ar leithligh feidhmeanna bainistíochta agus feidhmeanna maoirseachta cuideachta liostaithe;
- (8) ciallaíonn ‘fiontar beag agus meánmhéide’ nó ‘FBM’ cuideachta ina bhfostaítear níos lú ná 250 duine agus a bhfuil láimhdeachas bliantúil aici nach mó ná EUR 50 milliún nó iomlán bliantúil ar a clár comhardaithe nach mó ná EUR 43 milliún, nó, i gcás FBM a bhfuil a oifig chláraithe aige i mBallstát nach bhfuil an euro mar airgeadra aige, na méideanna coibhéiseacha in airgeadra an Bhallstáit sin.
- (9)

Airteagal 2a

An dlí is infheidhme

Is é an Ballstát ina bhfuil a ceannoifig ag an gcuideachta sin an Ballstát is inniúil le hábhair a chlúdaítear faoin Treoir seo a rialáil, agus is é dlí an Bhallstáit sin an dlí is infheidhme.

Airteagal 3

Eisiamh fiontar beag agus meánmhéide

Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir le fiontair bheaga agus mheánmhéide.[...]

Airteagal 4

Cuspóirí maidir le cothromaíocht inscne ar bhoird

1. Áiritheoidh na Ballstáit ceann den dá rud seo a leanas:
 - (a) go mbeidh sé ina aidhm ag cuideachtaí liostaithe, faoin 31 Nollaig 2027, an cuspóir a bhaint amach gur ag daoine den ghnéas tearcionadaithe a bheidh 40 % ar a laghad de na poist stiúrthóra neamhfheidhmiúcháin nó
 - (b) go mbeidh sé ina aidhm ag cuideachtaí liostaithe, faoin 31 Nollaig 2027, an cuspóir a bhaint amach gur ag daoine den ghnéas tearcionadaithe a bheidh ar a laghad 33 % de na poist stiúrthóra uile, idir stiúrthóirí feidhmiúcháin agus stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin.
2. Is é an líon post stiúrthóra neamhfheidhmiúcháin a mheasfar is gá chun an cuspóir a leagtar síos i mír 1(a) a bhaint amach an líon is gaire don chion 40 %, ach is lú ná 50 %, agus is é líon na bpost stiúrthóra uile a mheasfar is gá chun an cuspóir a leagtar síos i mír 1(b) a bhaint amach an líon is gaire don chion 33 %, ach is lú ná 50 %. Leagtar amach na líonta sin san Iarscríbhinn.

- 3.
- 4.
- 5.
6. Féadfaidh na Ballstáit a fhoráil, i gcás cuideachtaí liostaithe inar daoine den ghnéas tearcionadaithe iad níos lú ná 10 % de na fostaithe, nach mbeidh siad faoi réir na bhforálacha a leagtar síos san Airteagal seo.
- 7.

Airteagal 4a

Modhanna chun na cuspóirí a bhaint amach

1. Áiríteoidh na Ballstáit, chun an ceann de na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 4(1) a bhaint amach, i gcás cuideachtaí liostaithe nach gcomhlíonann na cuspóirí sin, go roghnófar na hiarrthóirí lena gceapadh nó lena dtoghadh chuig na poist dá dtagraítear in Airteagal 4(1) ar bhonn anailís chomparáideach ar cháilíochtaí gach iarrthóra, trí chritéir shoiléire, gan débhrí, arna bhfoirmliú ar bhealach neodrach a chur i bhfeidhm, ar critéir iad a bunaíodh roimh an bpróiseas roghnúcháin.
2. Agus iarrthóirí á roghnú lena gceapadh nó lena dtoghadh chuig na poist dá dtagraítear in Airteagal 4(1), áiríteoidh na Ballstáit, nuair a bheidh rogha á déanamh idir iarrthóirí atá comhcháilithe i dtéarmaí oiriúnachta, inniúlachta agus feidhmíocht ghairmiúil, go dtabharfar tosaíocht don iarrthóir den ghnéas tearcionadaithe, ach amháin má fhágann measúnú oibiachtúil, lena gcuirtear san áireamh na critéir uile a bhaineann go sonrach leis na hiarrthóirí aonair, gur cuí tosaíocht a bheith ag an iarrthóir den ghnéas eile.

3. Áiritheoidh na Ballstáit, mar fhreagra ar iarraidh ó iarrthóir a breithníodh sa roghnú i gcomhair ceapacháin nó toghcháin, go mbeidh sé d'oibleagáid ar chuideachtaí liostaithe an méid seo a leanas a chur in iúl don iarrthóir sin:
- (a) na critéir cháilithe ar a raibh an roghnú bunaithe,
 - (b) an measúnú comparáideach, oibiachtúil ar na hiarrthóirí faoi na critéir sin, agus,
 - (c) i gcás inarb ábhartha, na cúinsí a fhágann gur cuí tosaíocht a bheith ag an iarrthóir ar den ghnéas eile é nó í.
4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá, i gcomhréir lena gcórais náisiúnta bhreithiúnacha, lena áirithiú, i gcás ina suífidh iarrthóir den ghnéas tearcionadaithe fíorais ónar féidir a thoimhdiú go raibh sé nó sí comhcháilithe i gcomparáid leis an iarrthóir den ghnéas eile a roghnaíodh lena cheapadh nó lena thoghadh, gur faoin gcuideachta liostaithe a bheidh sé a chruthú nár sáraíodh Airteagal 4a(2).

Airteagal 4b

Cur i bhfeidhm Airteagal 4a a chur ar fionraí

1. Féadfaidh Ballstát cinneadh a dhéanamh cur i bhfeidhm Airteagal 4a a chur ar fionraí i gcás ina ndearnadh, roimh [IO chun an sprioc-am le haghaidh cur chun feidhme de bhun Airteagal 8(1) a chur isteach], bearta cheana sa Bhallstát sin atá chomh éifeachtach céanna leis na bearta a leagtar síos in Airteagal 4a arb é is aidhm leo ionadaíocht níos cothroime idir mná agus fir a bhaint amach i measc stiúrthóirí cuideachtaí liostaithe i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 4(1), nó ina ndearnadh dul chun cinn atá ag teannadh leis na cuspóirí sin a bhaint amach. Sna cásanna sin, measfar gur comhlíonadh na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 4(1). D'fhéadfaí an méid seo a leanas, mar shampla, a áireamh i mbearta den sórt sin atá chomh éifeachtach céanna:
 - a) bearta ina gceanglaítear leis an reachtaíocht náisiúnta gur ag daoine den ghnéas tearcionadaithe a bheidh 30 % ar a laghad de na poist stiúrthóra neamhfheidhmiúcháin nó 25 % ar a laghad de na poist stiúrthóra uile tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2027 agus ina mbeidh feidhm ag bearta forfheidhmiúcháin éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha i gcás neamhchomhlíonadh na gceanglas sin. I gcás nach mbeidh feidhm ag na spriocanna ceangailteacha dá bhforáiltear sa reachtaíocht náisiúnta maidir leis na cuideachtaí uile a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, measfar mar sin féin na coinníollacha maidir le fionraí a bheith comhlíonta má tá feidhm ag oibleagáidí chun cuspóirí cainníochtúla leithleacha a leagan síos maidir leis na cuideachtaí liostaithe uile nach gcumhdaítear leis na spriocanna ceangailteacha, lena n-áirítear FBManna, maidir le comhaltaí neamhfheidhmiúcháin agus comhaltaí feidhmiúcháin boird agus maidir le leibhéal bainistíochta amháin ar a laghad faoi leibhéal an bhoird.
 - b) bearta ina gceanglaítear gur ag daoine den ghnéas tearcionadaithe atá 30 % ar a laghad de líon iomlán na bpost stiúrthóra neamhfheidhmiúcháin uile nó 25 % ar a laghad de líon iomlán na bpost stiúrthóra uile.
 - c) bearta ina gceanglaítear gur ag daoine den ghnéas tearcionadaithe atá 25 % ar a laghad de líon iomlán na bpost stiúrthóra neamhfheidhmiúcháin uile nó 20 % ar a laghad de líon iomlán na bpost stiúrthóra uile agus ina bhfuil méadú 7.5 pointe céatadáin ar a laghad tagtha ar an leibhéal ionadaíochta thar thréimhse cúig bliana le déanaí dar chríoch roimh an sprioc-am le haghaidh cur chun feidhme de bhun Airteagal 8(1).

1b. Chun críche measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha le haghaidh fionraí ar bhonn mhír 1(a), mír 1(b) nó mír 2, is é líon na bpost stiúrthóra a cheanglófar an líon is gaire don chion 30 % de na poist stiúrthóra neamhfheidhmiúcháin nó 25 % de na poist stiúrthóra uile, ach níos lú ná 40 %. Is amhlaidh a bheidh freisin sa chás inarb amhlaidh, de bhun na reachtaíochta náisiúnta, go gcuirfear na cuspóirí cainníochtúla ceangailteacha i bhfeidhm ar leithligh maidir le hionadaithe scairshealbhóirí agus ionadaithe thar ceann na bhfostaithe.

2. I gcás Ballstát a bhfuil cur i bhfeidhm Airteagal 4a curtha ar fionraí aige de bhun mhír 1, ní fhéadfaidh sé leanúint den fhionraí sin tar éis an 31 Nollaig 2029 ach amháin más rud é
 - a) go mbeidh feidhm fós ag an reachtaíocht náisiúnta lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach i mír 1; nó
 - b) gur ag daoine den ghnéas tearcionadaithe atá 30 % ar a laghad de líon iomlán na bpost stiúrthóra neamhfheidhmiúcháin nó 25 % ar a laghad de líon iomlán na bpost stiúrthóra uile faoin 31 Nollaig 2029.

I gcás nach gcomhlíonfar na ceanglais a leagtar amach sa mhír seo, cuirfidh na Ballstáit Airteagal 4a i bhfeidhm an athuair le héifeacht ón 30 Meán Fómhair 2030.

3. I gcás ina gcuirfidh Ballstát ar fionraí cur i bhfeidhm Airteagal 4a mar a fhoráiltear dó i míreanna 1 agus 2 ar bhonn bearta náisiúnta nó dul chun cinn lena gcumhdaítear stiúrthóirí feidhmiúcháin, féadfaidh an Ballstát sin cur i bhfeidhm Airteagal 4c(1) a chur ar fionraí freisin.

Airteagal 4c

Cuspóirí cainníochtúla leithleacha

1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás cuideachtaí liostaithe nach bhfuil faoi réir an chuspóra a leagtar síos in Airteagal 4(1)(b), go leagfaidh siad síos cuspóirí cainníochtúla leithleacha maidir le hionadaíocht chothrom inscne idir mná agus fir i measc stiúrthóirí feidhmiúcháin, agus é mar aidhm acu iad a bhaint amach tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2027.
2. I gcás ina bhforálfaidh na Ballstáit, de bhun Airteagal 4(6), nach mbeidh cuideachtaí liostaithe áirithe faoi réir na gcuspóirí a leagtar síos in Airteagal 4, áiritheoidh na Ballstáit sin go leagfaidh na cuideachtaí sin síos cuspóirí cainníochtúla leithleacha maidir le hionadaíocht chothrom inscne idir mná agus fir i measc na bpost stiúrthóra uile a mbeidh sé mar aidhm acu a bhaint amach tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2027.

Airteagal 5

Tuairisciú

- 1.
2. Ceanglóidh na Ballstáit ar chuideachtaí liostaithe faisnéis a sholáthar do na húdaráis inniúla, uair sa bhliain, maidir le hionadaíocht inscne ar a mboird, lena ndéantar idirdhealú idir stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus stiúrthóirí feidhmiúcháin, agus maidir leis na bearta arna ndéanamh d'fhonn na cuspóirí is infheidhme a leagtar síos in Airteagal 4(1) agus in Airteagal 4c a bhaint amach. Ceanglóidh na Ballstáit ar chuideachtaí liostaithe an fhaisnéis sin a fhoilsiú ar bhealach iomchuí, inrochtana ar a suímh ghréasáin.
3. I gcás nach mbainfidh cuideachta liostaithe amach ceachtar de na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 4(1) ná na cuspóirí cainníochtúla leithleacha dá dtagraítear in Airteagal 4c, áireofar san fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 na cúiseanna nár baineadh amach na cuspóirí agus tuairisc ar na bearta atá déanta cheana ag an gcuideachta agus/nó atá beartaithe aici a dhéanamh chun iad a bhaint amach.

3a. Ní bheidh feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 2 agus 3 maidir le cuideachtaí liostaithe a bhfuil a n-oifigí cláraithe acu i mBallstát a bhfuil cur i bhfeidhm Airteagal 4a curtha ar fionraí aige ar bhonn Airteagal 4b agus i gcás ina mbeidh oibleagáidí tuairiscithe rialta sa dlí náisiúnta.

4.

Airteagal 6

Bearta forfheidhmiúcháin

1. Leagfaidh na Ballstáit síos rialacha maidir le bearta forfheidhmiúcháin is infheidhme maidir le sáruithe ar na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun Airteagail 4a, 4b(2)(a), 4c, agus 5 den Treoir seo de réir mar is infheidhme agus déanfaidh siad na bearta uile is gá lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad.
2. Ní mór na bearta forfheidhmiúcháin a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.
3. Ní fhéadfar cuideachtaí liostaithe a chur faoi dhliteanas ach amháin i leith gníomhaíochtaí nó easnaimh is féidir a chur i leith na gcuideachtaí sin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.[...]

Airteagal 7

Ceanglais íosta

Féadfaidh na Ballstáit forálacha a thabhairt isteach nó a choinneáil ar bun atá níos fabhraí ná na forálacha a leagtar síos sa Treoir seo chun ionadaíocht níos cothroime idir fir agus mná a áirithiú i leith cuideachtaí liostaithe, ar choinníoll nach bhfágfaidh na forálacha sin go gcothófar idirdhealú nach bhfuil údar cuí leis nó go gcuirfear bac ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

Airteagal 7a (nua)

Comhlachtaí chun cothromaíocht inscne a chur chun cinn i gcuideachtaí liostaithe

Ainmneoidh na Ballstáit comhlacht amháin nó níos mó chun cothromaíocht inscne ar bhoird cuideachtaí liostaithe a chur chun cinn, chun anailís agus faireachán a dhéanamh uirthi agus chun tacú léi; is féidir, mar shampla, gurb iad na comhlachtaí sin na comhlachtaí arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 20 de Threoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁸.

Airteagal 8

Cur chun feidhme

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin *[trí bliana óna glacadh]*. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin sin in iúl don Choimisiún láithreach.
2. Sna forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin dá dtagraítear i mír 1 beidh tagairt don Treoir seo nó beidh tagairt den chineál sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.
- 2a. I gcás Ballstáit a chuirfidh ar fionraí, de bhun Airteagal 4b, cur i bhfeidhm na gceanglas a bhaineann leis an bpróiseas chun iarrthóirí a roghnú lena gceapadh nó lena dtoghadh, dá dtagraítear in Airteagal 4a, cuirfidh siad in iúl láithreach don Choimisiún an fhaisnéis lena léirítear gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4b.
- 3.
4. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

²⁸ Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha (IO L 204, 26.7.2006, lch. 23).

Airteagal 9
Athbhreithniú

1. Cuirfidh na Ballstáit tuarascáil ar chur chun feidhme na Treorach seo chuig an gCoimisiún faoin *[bliain amháin tar éis an dáta dá bhforáiltear in Airteagal 8(1)]* agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin. Áireofar sna tuarascálacha sin, *inter alia*, faisnéis chuimsitheach faoi na bearta arna ndéanamh d'fhonn na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 4(1) a bhaint amach nó faoi chomhlíonadh na gcoinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 4b de réir mar is infheidhme, faisnéis arna soláthar i gcomhréir le hAirteagal 5 agus, i gcás inarb infheidhme, faisnéis ionadaíoch faoi chuspóirí cainníochtúla leithleacha arna leagadh síos ag cuideachtaí liostaithe de bhun Airteagal 4c.
2. Na Ballstáit a chuirfidh ar fionraí, de bhun Airteagal 4b, cur i bhfeidhm Airteagal 4a, áireoidh siad sna tuarascálacha a luaitear i mír 1 faisnéis lena léirítear ar comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4b. Eiseoidh an Coimisiún tuarascáil shonrach faoi *[dhá bhliain tar éis an dáta dá bhforáiltear in Airteagal 8(1)]* ina bhfionnfaidh sé, *inter alia*, ar comhlíonadh na coinníollacha in Airteagal 4b.
3. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na Treorach seo agus tuairisceoidh sé do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin 31 Nollaig 2031 agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht go háirithe féachaint ar baineadh amach nó nár baineadh amach cuspóirí na Treorach seo.
4. Sna tuarascálacha uaidh, déanfaidh an Coimisiún measúnú, i bhfianaise forbairtí maidir le hionadaíocht fear agus ban ar bhoird agus ar leibhéil éagsúla chinnteoireachta ar fud an gheilleagair, agus á chur san áireamh an bhfuil an dul chun cinn atá déanta inbhuanaithe go leor, féachaint an gá síneadh a chur le ré na Treorach seo thar an dáta a shonraítear in Airteagal 10(2) nó í a leasú ar shlí eile.

Airteagal 10
Teacht i bhfeidhm agus dul in éag

1. Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an *[fichiú]* lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
2. Rachaidh sé [sí] in éag an 31 Nollaig 2038.

Airteagal 11
Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna déanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán An tUachtarán

**SPRIOCLÍON NA STIÚRTHÓIRÍ
DEN GHNÉAS TEARCIONADAITHE**

Líon na bpost ar an mBord	An líon íosta stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin den ghnéas tearcionadaithe is gá chun an cuspóir 40 % a chomhlíonadh (Airteagal 4(1))	An líon íosta stiúrthóirí den ghnéas tearcionadaithe is gá chun an cuspóir 33 % a chomhlíonadh (Airteagal 4(1)(b))
1	-	-
2	-	-
3	1 (33,3 %)	1 (33,3 %)
4	1 (25 %)	1 (25 %)
5	2 (40 %)	2 (40 %)
6	2 (33,3 %)	2 (33,3 %)
7	3 (42,9 %)	2 (28,6 %)
8	3 (37,5 %)	3 (37,5 %)
9	4 (44,4 %)	3 (33,3 %)
10	4 (40 %)	3 (30 %)
11	4 (36,4 %)	4 (36,4 %)
12	5 (41,7 %)	4 (33,3 %)
13	5 (38,4 %)	4 (30,8 %)
14	6 (42,9 %)	5 (35,7 %)
15	6 (40 %)	5 (33,3 %)
16	6 (37,5 %)	5 (31,3 %)
17	7 (41,2 %)	6 (35,3 %)

18	7 (38,9 %)	6 (33,3 %)
19	8 (42,1 %)	6 (31,6 %)
20	8 (40 %)	7 (35 %)
21	8 (38,1 %)	7 (33,3 %)
22	9 (40,1 %)	7 (31,8 %)
23	9 (39,1 %)	8 (34,8 %)
24	10 (41,7 %)	8 (33,3 %)
25	10 (40 %)	8 (32 %)
26	10 (38,5 %)	9 (34,6 %)
27	11 (40,7 %)	9 (33,3 %)
28	11 (39,3 %)	9 (32,1 %)
29	12 (41,4 %)	10 (34,5 %)
30	12 (40 %)	10 (33,3 %)
